

Intreoir do na hAonaid Théamacha Bliain 5



Aonaid Théamacha

Cuireann na Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFNanna) réimse leathan de roghanna teagaisc agus foghlama ar fáil do mhúinteoirí. Aithnímid, áfach, go mbeidh ar mhúinteoirí go fóill féin deiseanna ar leith teagaisc agus foghlama a roghnú, a oiriúnú agus a phleanáil dá rang.

Rinneadh na haonaid théamacha seo a fhorbairt lena thaispeáint do mhúinteoirí a sholúbtha is atá na Smaointe le Foghlaim a Nascadh. I ngach ceann de na haonaid, tá deiseanna struchtúrtha foghlama agus teagaisc.

Táthar ag súil gur féidir gach ceann de na haonaid a theagasc thar thréimhse sé seachtaine.

Díríonn gach ceann de na haonaid ar:


- ceann amháin de chuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann; agus
- gné amháin de Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Maidir leis na hAonaid Théamacha:

- spreagfaidh siad páistí le naisc a dhéanamh trasna na Réimsí Foghlama uilig;
- bainfidh siad úsáid as straitéisí foghlama gníomhacha;
- cuirfidh siad deiseanna ar fáil le measúnú a dhéanamh ar scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC; agus
- soláthróidh siad prionsabail Mheasúnaithe chun Foghlama.

Tá eochaircheisteanna mar chuid de na haonaid théamacha a chuideoidh le foghlaim na bpáistí a dhíriú.

Cuireadh cás-staidéir i leabhráin na n-aonad téamach chomh maith lena thaispeáint cad é mar a rinne scoileanna fud fad Thuaisceart Éireann an áis seo a oiriúnú.



Na hAonaid Théamacha agus Cuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann

Tá cuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann ann le cuidiú le daoine óga bheith ag forbairt mar dhaoine aonair agus lena gcion féin a dhéanamh don tsochaí, don gheilleagar agus don chomhshaol.

Soláthraíonn an haonaid théamacha seo deiseanna foghlama do pháistí le bheith ag forbairt mar:

- daoine aonair [*Mise Teo*];
- daoine a dhéanann a gcion féin don tsochaí [*Muintearas*];
- daoine a dhéanann a gcion féin don gheilleagar [*Traein na mBrionglóidí*]; agus
- daoine a dhéanann a gcion féin don chomhshaol [*Ór Leachtach*].

Tá achoimre ghearr sa tábla thíos ar gach ceann de na haonaid théamacha:

Aonad Téamach	Smaointe le Foghlaim a Nascadh	Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Réimsí Foghlama
Mise Teo	Mise Mé Fein	An duine óg a fhorbairt mar dhuine aonair.	<i>Féinbhainistiú</i>	<ul style="list-style-type: none"> • Na hEalaíona • Teanga agus Litearthacht • An Domhan Thart Orainn • Forbairt Phearsanta agus Comhthuisct Sraith 1
Muintearas	An Áit a gCónaím	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don tsochaí	<i>Ag Obair le Daoine Eile</i>	<ul style="list-style-type: none"> • Na hEalaíona • An Domhan Thart Orainn • Matamaitic agus Uimhearthacht • Forbairt Phearsanta agus Comhthuisct Sraith 2
Traein na mBrionglóidí	Turais	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don gheilleagar	<i>Bheith Cruthaitheach</i>	<ul style="list-style-type: none"> • Na hEalaíona • Teanga agus Litearthacht • An Domhan Thart Orainn
Ór Leachtach	An Pláinéad Gorm	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don chomhshaol	<i>Fadhbréiteach</i>	<ul style="list-style-type: none"> • Na hEalaíona • Matamaitic agus Uimhearthacht • An Domhan Thart Orainn • Forbairt Phearsanta agus Comhthuisct Sraith 1

Mise Teo. Aonad Téamach

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *Mise Mé Féin*, Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN) do Bhlianta 4/5. San aonad téamach seo, forbróidh páistí féintuiscint níos fearr. Spreagfar iad le bheith ag machnamh go grinn ar na himeachtaí agus ar na cúinsí a raibh tionchar acu ar a saol agus le meabhrú ar na rudaí atá tábhachtach dóibh féin.

Cuireann an t-aonad téamach seo deiseanna ar fáil do pháistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid seo thíos:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar dhuine aonair.
Croíghné	<i>Tuiscint Phearsanta</i>
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Tá an tAonad Téamach seo dírithe ar Féinbhainistiú. Beidh deiseanna ag páistí: <ul style="list-style-type: none"> • éirí níos féintreoraithe trí bheith ag obair go neamhspleách nó i ngrúpa; • éirí níos muiníní trí eolas a fhorbairt ar a gcuid buanna agus laigí pearsanta; agus • bheith ag obair i dtreo spriocanna pearsanta [sainaitheanta acu féin nó i gcomhpháirt leis an mhúinteoir].
Scileanna Traschuraclaim	Dírítear aird, aon áit ar cuí, ar chuspóirí foghlama a bhaineann leis na scileanna Traschuraclaim. Is iad na scileanna traschuraclaim: <ul style="list-style-type: none"> • Cumarsáid (Cum); • Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus • Úsáid TFC [ÚTFC]
An Foghlaim a Nascadh	Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí foghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: <p><i>Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint</i> Ba cheart deis a thabhairt do dhaltaí na rudaí seo a fhiosrú:</p> <ul style="list-style-type: none"> • a bhféinmheas agus a bhféinmhuinín; agus • straitéisí éifeachtacha foghlama. <p><i>Na hEalaíona [Ealaín agus Dearadh]</i> Ba cheart deis a thabhairt do dhaltaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • eispéireas díreach céadfach a fhiosrú agus a fhreagairt; agus • réimse d'ábhair, d'uirlisí agus de phróisis a úsáid lena smaointe agus lena spriocanna a réadú [lena n-áirítear tógáil 3T]. <p><i>An Domhan Thart Orainn</i> Ba cheart deis a thabhairt do dhaltaí na rudaí seo a fhiosrú:</p> <ul style="list-style-type: none"> • athrú a tharlaíonn thar am; agus • áit [ábhair].
Aidhm	Is é is aidhm leis an Aonad Téamach seo páistí a spreagadh: <ul style="list-style-type: none"> • lena bhfiúntas mar dhaoine aonair a aithint trí ghnéithe dearfacha díobh féin agus dá ngnóthachtálacha go dtí seo a shainaitheint; • le tuiscint níos doimhne ar a bhféiniúlacht a fhorbairt; • le machnamh a dhéanamh ar a gcuid buanna féin mar fhoghlaimoirí; agus • lena bhfreagracht as a bhfoghlaim féin a mhéadú.

Muintearas Aonad Téamach

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le SFN Blianta 5/6, *An Áit a gCónaím*. Le linn an aonaid théamaigh seo, beidh na páistí ag foghlaim faoin phobal ina bhfuil siad ina gcónaí.

Fiosróidh siad:

- a saol féin i gcomparáid le saol daoine eile sa phobal;
- an bhaint atá acu féin leis na rudaí a tharlaíonn sa phobal (mar dhaoine aonair, mar ghrúpa agus ó thaobh an idirspleáchais de)
- an fhreagracht atá orthu an pobal a chosaint agus meas a léiriú air.

Beidh an t-aonad téamach seo ina chuidiú ag páistí féinmheas a fhorbairt agus meas a bheith acu ar dhaoine eile agus ar na héagsúlachtaí idir dhaoine. Tugann sé deis do pháistí cuid de na scileanna a shásaíonn riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Anseo thíos, cuirtear síos ar phríomhghnéithe an aonaid:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa tsochaí.
Croíghné	<i>Saoránacht agus Tuiscint ar Chultúir</i>
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Is ar <i>Obair le Daoine Eile</i> atá an t-aonad téamach seo dírithe. Beidh deiseanna ag páistí: <ul style="list-style-type: none"> • bheith níos muiníní i gcásanna sóisialta agus idirphearsanta; • taithí a fháil ar ról éagsúla i ngrúpaí agus bheith freagrach as réimse tascanna; agus • bheith ag obair le daoine eile le comhaontú a bhaint amach agus le tosú ar easaontuithe a láimhseáil.
Scileanna Traschuraclaim	Dírítear aird, nuair is cuí, ar spriocanna foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim. Is iad seo a leanas na scileanna traschuraclaim sin: <ul style="list-style-type: none"> • Cumarsáid (Cum); • Úsáid Matamaitice (ÚMata); agus • Úsáid TFC (ÚTFC).
An Foghlaim a Nascadh	Cuireann an t-aonad téamach seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: <p><i>Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • An tábhacht atá le héagsúlacht agus le hilchineálacht chultúrtha a thuiscint agus a cheiliúradh. • Ról gníomhach a bheith acu i saol an phobail. <p><i>An Domhan Thart Orainn</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • An dóigh a dtéann daoine i bhfeidhm ar an dúlra agus ar an timpeallacht thógtha le himeacht aimsire. • An dóigh a dtéann suíomh i bhfeidhm ar an saol. • An dóigh a n-athraíonn áiteanna le himeacht aimsire.
Aidhm	Is é is aidhm don aonad téamach seo páistí a spreagadh le: <ul style="list-style-type: none"> • scileanna a fhorbairt le bheith ag obair i ngrúpaí; • féinmheas agus meas ar dhaoine eile a bheith acu (tríd an dea-thoil a léiríonn daoine agus na rudaí maithe a dhéanann siad do dhaoine eile a aithint); • a bpobal féin agus an dearcadh atá acu air a fhiosrú; agus • bheith freagrach as a bpobal féin, mar dhaoine aonair agus mar ghrúpa.

Traein na nBrionglóidí Aonad Téamach

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *Turais*, SFN le haghaidh Blianta 4/5. San aonad seo, beidh deis ag páistí an bród a eascraíonn as na smaointe a bhíonn acu agus as réadú na smaointe sin a aithint. Is é aidhm na gné fantaisíochta san aonad dul i bhfeidhm ar chaighdeán agus ar uathúlacht na fiosracha agus na cruthaitheachta inbheirthe atá sa pháiste agus iad seo a fhorbairt.

Beidh siad ag foghlaim faoi:

- an chumhacht nuálach a bhaineann le giniúint oiread smaointe agus roghanna agus is féidir; agus
- na féidearthachtaí is féidir a chruthú as na smaointe seo a fhorbairt agus a chomhcheangal.

Trí chur chuige fiontraíochta a ghlacadh, forbróidh páistí an muinín le bheith ag smaoinreamh thar teorainn a nádúir choitianta.

Rachaidh siad ar thuras a bheidh:

- ábhartha agus fóirsteanach dá n-aois agus dá n-ábaltacht; agus
- nuálach, idirghníomhach agus eispéireasach.

Sula dtosóidh páistí ar thuras samhlaíoch a chruthú, tá sé tábhachtach go bhfiosraíonn siad éagsúlacht mhór de thurais fhóra. Tugann an t-aonad téamach seo deis do pháistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid seo thíos:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa gheilleagar agus sa timpeallacht.
Croíghné	<i>Infhostaitheacht</i>
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Díríonn an tAonad Téamach seo ar <i>Bheith Cruthaitheach</i> . Beidh deiseanna ag páistí: <ul style="list-style-type: none"> • an tsamhlaíoch a úsáid le haghaidh taitnimh; • éisteacht agus smaointe agus eispéiris a roinnt; • smaointe a ghiniúint, a fhorbairt agus a chomhcheangal; agus • taithí a chur ar an rud neamhghnách, iontach agus gan choinne.
Scileanna Traschuraclaim	Tarraingítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: <ul style="list-style-type: none"> • Cumarsáid (Cum); • Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus • Úsáid TFC [ÚTFC]
An Foghlaim a Nascadh	Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí foghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • <i>An Domhan Thart Orainn</i>; • <i>Na hEalaíona</i>; agus • <i>Teanga agus Litearthacht</i>.
Aidhm	Is iad aidhmeanna an Aonaid Théamaigh seo páistí a spreagadh le: <ul style="list-style-type: none"> • cruthaitheacht a spreagadh ina ngnáthfoghlaím laethúil; • tuiscint a fhorbairt ar a bhfuil i gceist le bheith fiontrach; • feacht ar chumhacht spreagúil na samhlaíochta a fhorbairt; agus • a gcuid oibre a chur i láthair agus a chur in iúl ar bhealaí éagsúla a chuireann feacht áirithe ar spriocghrúpa agus ar fheidhm in iúl.

Ór Leachtach Aonad Téamach

Tá an tAonad Téamach seo nasctha le SFN Blianta 5/6 , An Pláinéad Gorm. Déantar tagairt go minic d’uisce mar Ór Leachtach. San Aonad Téamach seo, déanfaidh páistí tuiscint ar luach an uisce agus ar na fáthanna nár cheart dóibh bheith beag beann ar thábhacht na hacmhainne luachmhaire seo a fhorbairt.

Tosóidh na páistí a aithint gur féidir idir thionchar áitiúil agus thionchar domhanda a bheith ag baint leis na roghanna a dhéanann siad maidir le huisce. Foghlaimeoidh siad go dtig leo a chinntiú go bhfuil go leor ann do gach duine má úsáideann siad go ciallmhar é, anois agus san am atá le teacht.

Fiosróidh páistí:

- tábhacht an uisce ina saol féin;
- tábhacht an uisce do dhaoine in áiteanna eile sa domhan;
- comhchosúlachtaí agus difríochtaí idir daoine agus áiteanna; agus
- an dóigh a bhfuil uisce ríthábhachtach maidir le pobail a chothú.

Tacaíonn modhanna múinteoireachta a chuirtear i láthair san aonad téamach seo le foghlaim ghníomhach agus le foghlaim fhiosrúchánbhunaithe trí fhoghlaim aonair agus trí obair ghrúpa. Beidh páistí rannpháirteach i réimse de dhúshláin smaointeoireachta, fadhbréithe agus cinnteoireachta.

Cuireann an t-aonad téamach seo deiseanna ar fáil do pháistí roinnt scileanna a shásaíonn riachtanais reachtúla Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tá breac-chuntas thíos ar fhócas an aonaid seo:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa gheilleagar agus sa timpeallacht
Croíghné	<i>Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe</i>
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Díríonn an t-aonad téamach seo ar <i>Smaointeoireacht</i> , ar <i>Fhadhbbréiteach</i> agus ar <i>Chinnteoireacht</i> . Beidh deiseanna ag páistí: <ul style="list-style-type: none"> • seicheamhú, ordú agus rangú a dhéanamh feadh toisí difriúla; • comhchosúlachtaí agus difríochtaí a shainaithint trí chomparáidí agus naisc shimplí a dhéanamh; • cinntí a dhéanamh agus roghanna a chumadh; • réitigh fhéideartha ar fhadhbanna a mholadh; • modhanna agus tuairimí agus na fáthanna atá le roghanna agus le gníomhartha a mhíniú.
Scileanna Traschuraclaim	Aon áit ar cuí, díritear aird ar na cuspóirí foghlama a bhaineann leis na scileanna traschuraclaim. Is iad na scileanna traschuraclaim: <ul style="list-style-type: none"> • Cumarsáid (Cum) • Úsáid Matamaitice (ÚMata) • Úsáid TFC (ÚTFC)
An Foghlaim a Nascadh	Cuireann an t-aonad téamach seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • <i>An Domhan Thart Orainn</i>; • <i>Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint</i>; agus • <i>Matamaitic agus Uimhearthacht</i>.
Aidhm	Is é is aidhm don aonad téamach seo páistí a spreagadh: <ul style="list-style-type: none"> • le tús a chur le tuiscint ar cad é a chiallaíonn saol inbhuanaithe; • lena gcuid smaointeoireachta a fhorbairt trí réimse de dhúshláin fadhbréithe agus cinnteoireachta [a dhéanann naisc idir an taithí acu féin agus mórcheisteanna domhanda]; • a gcuid eolais ar an domhan mór agus ar phobail agus ar chultúir éagsúla a thógáil, trí chomhchosúlachtaí agus dhifríochtaí idir daoine agus áiteanna a shainaithint; • lena thuiscint gur féidir éifeacht dhomhanda agus áitiúla a bheith lena gcuid roghanna; agus • le machnamh a dhéanamh ar an dóigh a dtig leo difear a dhéanamh.

Foilseachán de chuid CCEA © 2011



COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
© +44 (0)28 9026 1200 ☎ +44 (0)28 9026 1234 📠 +44 (0)28 9024 2063

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning